Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10398 – DNB / DANSKE BANK / OP / SB1 / EIKA / BALDER / VIPPS / MOBILEPAY / PIVO)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 255/08)

1. An 27 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Vipps AS ("Vipps", an Iorua),

— DNB Bank ASA ("DNB", an Iorua),

— Sparebank 1 Betaling AS ("SB1", an Iorua),

— Eika VBB AS ("Eika", an Iorua),

— Balder Betaling AS ("Balder", an Iorua),

— MobilePay A/S ("MobilePay", an Danmhairg), faoi lánúinéireacht agus faoi lánrialú ag Danske Bank A/S ("Danske Bank", an Danmhairg),

— Pivo Wallet OY ("Pivo", an Fhionlainn), cuid den OP Group atá faoi rialú ag OP Osuuskunta ("OP", an Fhionlainn).

Tabharfar Vipps, MobilePay agus Pivo le chéile faoi eintiteas nua, agus gheobhaidh DNB, SB1, Eika, Balder, Danske Bank agus OP comhrialú ar an eintiteas nuachruthaithe de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí seirbhísí íocaíochta móibíleacha san Iorua é Vipps. Tairgeann Vipps seirbhísí íocaíochta atá oiriúnaithe do réimse cásanna íocaíochta éagsúla, lena n-áirítear íocaíochtaí duine le duine ("P2P"), íocaíocht ar an láthair ("POS"), íocaíocht le sonrasc agus íocaíochtaí ar líne (r-thráchtáil),

— Cuireann MobilePay seirbhísí íocaíochta ar fáil sa Danmhairg agus tairgeann sé seirbhísí íocaíochta móibíleacha atá oiriúnaithe do réimse cásanna íocaíochta éagsúla, lena n-áirítear POS, P2P, íocaíocht le sonrasc agus r-thráchtáil,

— Tairgeann Pivo seirbhísí íocaíochta san Fhionlainn. Tairgeann Pivo seirbhísí íocaíochta le haghaidh P2P, siopaí ar líne, aipeanna agus POS,

— Is banc lánseirbhíse agus máthairghnóthas an DNB Group é DNB agus tá sé liostaithe ar Stocmhalartán Oslo. Cuireann an DNB Group seirbhísí baincéireachta, infheistíochta, árachais, bainistíochta sócmhainní agus réadmhaoine ar fáil do chustaiméirí miondíola, do chliaint chorparáideacha agus don earnáil phoiblí,

— Is cuideachta sealbhaíochta é SB1, cuideachta atá faoi úinéireacht faoi láthair ag 14 bhanc neamhspleácha de chuid na hIorua ar a bhfuil an t-ainm "Sparebank 1" agus a oibríonn i gcomhar a chéile ar ardán coiteann agus faoi bhranda coiteann,

— Is cuideachta sealbhaíochta é Eika atá ina chuid den Eika Alliance, ar comhaontas é ina bhfuil 63 bhanc neamhspleácha de chuid na hIorua faoi láthair,

— Is cuideachta sealbhaíochta é Balder atá faoi úinéireacht faoi láthair ag 13 bhanc neamhspleácha de chuid na hIorua,

— Is cuideachta seirbhísí airgeadais atá lonnaithe sa réigiún Nordach agus atá corpraithe sa Danmhairg é Danske Bank. Is banc lánseirbhíse é Danske Bank, banc a chuireann seirbhísí baincéireachta miondíola agus mórdhíola, scéime pinsin, árachais saoil, airgeadais morgáiste, bainistíochta sócmhainní, bróicéireachta, réadmhaoine agus léasaithe ar fáil do chustaiméirí miondíola, do chliaint chorparáideacha agus don earnáil phoiblí,

— Is é OP comharchumann lárnach grúpa seirbhíse airgeadais de chuid na Fionlainne. Cuimsítear le OP 118 gcomharbhanc OP agus an comharchumann lárnach ar leo é, lena n-áirítear a fhochuideachtaí agus a eintitis chleamhnaithe. Cuireann OP seirbhísí baincéireachta, infheistíochta, árachais, bainistíochta sócmhainní agus réadmhaoine ar fáil do chustaiméirí miondíola agus do chustaiméirí corparáideacha.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10398 - DNB / DANSKE BANK / OP / SB1 / EIKA / BALDER / VIPPS / MOBILEPAY / PIVO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË